SEANAD ÉIREANN

BILLE NA GAELTACHTA, 2012 —AN COISTE

Leasuithe Ionadacha

ALT 7

37. I leathanach 15, línte 4 go 7, fo-alt (15) a scriosadh.

—Na Seanadóirí Brian Ó Domhnaill agus Trevor Ó Clochartaigh.

[This amendment is in substitution for the Irish portion of amendment No. 37 on the principal list of amendments dated 28th June, 2012.]

ALT 8

53. I leathanach 15, fo-alt (7), líne 44, "féadfaidh an tAire" a scriosadh, agus "féadfaidh an Coimisinéir Teanga a mholadh don Aire" a chur ina ionad.

—An Seanadóir Trevor Ó Clochartaigh.

[This amendment is in substitution for the Irish portion of amendment No. 53 on the principal list of amendments dated 28th June, 2012.]

ALT 9

66. I leathanach 17, fo-ailt (5) agus (6), línte 26 go 44, na focail go léir ó "i gcás go bhfuil an baile suite" i líne 26, lena n-áirítear na focail sin, síos go dtí "i scríbhinn" i líne 44, lena n-áirítear na focail sin, a scriosadh agus an méid seo a leanas a chur ina n-ionad:

"eagraíochtaí a roghnú a mbeidh iarratas déanta acu faoi *fho-alt (3)* agus arb iad, i dtuairim Údarás na Gaeltachta, na heagraíochtaí is cumasaí chun plean a ullmhú, i gcomhar leis an Údarás, arb é is cuspóir leis socrú a dhéanamh maidir le méadú ar úsáid na Gaeilge i saol teaghlaigh, oideachais, poiblí, sóisialta, áineasa agus tráchtála an bhaile lena mbaineann agus a dheimhniú go bhfuil na seirbhísí poiblí agus, de réir mar is cuí, seirbhísí eile a chuirtear ar fáil sa mbaile sin ar fáil do phobal na Gaeltachta trí mheán na Gaeilge (dá ngairtear "plean Gaeilge" san alt seo), agus an céanna a spreagadh, de réir critéar pleanála teanga forordaithe, agus nuair a bheidh déanta amhlaidh aige, cuirfidh sé an roghnú in iúl do na heagraíochtaí sin i scríbhinn."

—An Seanadóir Brian Ó Domhnaill.

[This amendment is in substitution for the Irish portion of amendment No. 66 on the principal list of amendments dated 28th June, 2012.]

ALT 16

135. I leathanach 27, línte 26 agus 27, "gnáthchomhalta amháin, a gceapfaidh an tAire é nó í" a scriosadh agus "beirt ghnáthchomhalta, a gceapfaidh an tAire iad" a chur ina ionad.

—An Seanadóir Tomás Ó Broin.

[This amendment is in substitution for the Irish portion of amendment No. 135

on the principal list of amendments dated 28th June, 2012.]

ALT 17

150. I leathanach 29, idir líne 48 agus líne 49, an méid seo a leanas a chur isteach:

"Ní bheadh aon impleachtaí ag alt 6B maidir le dualgais na gcomhlachtaí faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003.".

—An Seanadóir Trevor Ó Clochartaigh.

[This amendment is in substitution for the Irish portion of amendment No. 150 on the principal list of amendments dated 28th June, 2012.]

ALT 21

155. I leathanach 31, línte 39 agus 40 agus i leathanach 33, línte 1 go 5, mír (*b*) a scriosadh.

—An Seanadóir Brian Ó Domhnaill.

[This amendment is in substitution for the Irish portion of amendment No. 155 on the principal list of amendments dated 28th June, 2012.]

AN SCEIDEAL

158. I leathanach 37, línte 20 go 27 a scriosadh.

—An Seanadóir Brian Ó Domhnaill.

[This amendment is in substitution for the Irish portion of amendment No. 158 on the principal list of amendments dated 28th June, 2012.]

159. I leathanach 37, línte 36 go 43 a scriosadh.

—An Seanadóir Brian Ó Domhnaill.

[This amendment is in substitution for the Irish portion of amendment No. 159 on the principal list of amendments dated 28th June, 2012.]

TEIDIL

160. I leathanach 7, línte 8 go 10, gach focal ón bhfocal "DO" i líne 8 síos go dtí "1997;" i líne 10, agus na focail sin san áireamh, a scriosadh.

—An Seanadóir Brian Ó Domhnaill.

[This amendment is in substitution for the Irish portion of amendment No. 160 on the principal list of amendments dated 28th June, 2012.]